Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. en)

7231/1/22
REV 1
PV CONS 15
ECOFIN 230

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

15 Márta 2022

## CLÁR

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas mhíreanna 'A'
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ..... 3

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Teachtaireacht maidir leis an mbeartas fioscach do 2023, lena n-áirítear staid na himeartha maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch ..... 3

4. Obair leantach ag eascairt as cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais an 10 agus an 11 Márta 2022 ..... 3

**Plé reachtach**

5. Treoir maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas Eorpach ..... 4

6. Rialachán lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ..... 4

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

7. Buiséad an Aontais: Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020 ..... 4

8. Buiséad an Aontais: Conclúidí maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023 ..... 4

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 5

***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6928/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'** 6930/22
**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 6930/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 23 Feabhra 2022 | | 6003/22<br>**+ COR 1 (mt)**<br>+ ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1<br>REV 1<br>FIN |
| 4. | Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a thabhairt cothrom le dáta<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 2 Márta 2022 | C | 6454/22 + COR 1<br>+ ADD 1 REV 1<br>6066/22<br>**+ REV 1 (fi)**<br>FISC |
| 10. | Cinneadh lena gceaptar comhaltaí ar choiste faireacháin OLAF<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 9 Márta 2022 | | 6502/22<br>**+ COR 1 (pl)**<br>6503/22<br>GAF |

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Teachtaireacht maidir leis an mbeartas fioscach do 2023, lena n-áirítear staid na himeartha maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch 6778/22
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

4. Obair leantach ag eascairt as cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais an 10 agus an 11 Márta 2022
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

## Plé reachtach
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **Treoir maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas Eorpach**<br>*Cur chuige ginearálta* | S C | 6976/22<br>6975/22 |

Phléigh an Chomhairle an téacs comhréitigh (6975/22). Níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta. Choinnigh PL, EE agus MT a bhforchoimeádais agus choimeád SE forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte. Comhaontaíodh an sainchomhad seo a chur ar chlár oibre an chruinnithe a bheidh ag an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 5 Aibreán 2022.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **Rialachán lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha**<br>*Cur chuige ginearálta* | ❶ C | 6978/22<br>7044/22 |

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige ginearálta. Leagtar amach an téacs comhréitigh a d'eascair as an bplé a rinneadh sa Chomhairle in 7226/22. Thug an Chomhairle an Iarscríbhinn a ghabhann le 6978/22 dá haire agus dhearbhaigh sí nach mór dul chun cinn leordhóthanach a bheith déanta maidir leis na gnéithe a leagtar amach i mír 1 den Iarscríbhinn sin sular féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ó MT agus ó CY, ó PL agus ó PT.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

| | | |
|---|---|---|
| 7. | Buiséad an Aontais: Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>*Glacadh* | 6001/1/22 REV 1<br>+ 6001/22 ADD 1 |
| 8. | Buiséad an Aontais: Conclúidí maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023<br>*Formheas* | 6000/22 + ADD 1 |

---

❶ An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 6928/22**

**Aguisín 'B' mír 6:** **Rialachán lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha**
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS Ó MHÁLTA AGUS ÓN gCIPIR**

'Creideann Málta agus an Chipir gur céim mhór chun cinn é don Aontas an Togra seo le haghaidh Rialachán lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha chun a sprioc a chomhlíonadh, is é sin geilleagar aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050. Léirítear sa Togra tiomantas láidir an Aontais athrú ó bhonn a chur i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfuil na Ballstáit, agus an tAontas ina iomláine, ag luí an gheilleagair earraí agus tomhaltais laistigh de *calculus* an Athraithe Aeráide.

Tuigeann Málta agus an Chipir an Togra agus, go deimhin, go bhfuil an pacáiste 'Oiriúnach do 55' chun tionchar a imirt ar gheilleagair agus ar thionscail Bhallstáit an Aontais ar bhealaí éagsúla. Dá bhrí sin, iarrann Málta agus an Chipir ar na comhreachtóirí, i gcomhar leis an gCoimisiún, a áirithiú go n-iomprófar na hualaí go comhréireach, agus é á chur san áireamh go gcuirfidh forimeallacht agus easpa barainneachtaí scála leis an tionchar ar na Ballstáit oileánacha amhail Málta agus an Chipir.

Tuigeann Málta agus an Chipir go n-áiritheofar le hAithris 52 den Togra go n-áiritheoidh oibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin in Airteagal 30(4), chomh maith le haon athbhreithnithe eile a dhéanfar amach anseo ar athruithe ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, go dtabharfar aird ar leith ar éifeachtaí an tsásra ar na Ballstáit aonair, agus ar shláine agus iomaíochas laistigh den mhargadh inmheánach.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Tá an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, CBAM, ar cheann de phríomhghnéithe an Phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Ón gcéad lá riamh, bhí an Pholainn den tuairim agus tá sí fós den tuairim gur ionstraim an-tábhachtach é CBAM chun uaillmhianta a fheabhsú maidir le astaíochtaí a laghdú lasmuigh den Aontas, agus feicimid gur gá an sásra sin a thabhairt isteach.

Mar sin féin, ba cheart a chur i bhfios go láidir go bhféadfadh tionchar a bheith ag CBAM ar iomaíochas thionscal na hEorpa mura gcuirfidh ár gcomhpháirtithe trádála beartais chun feidhme atá chomh huaillmhianach le beartais an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, tá sé ar cheann de na saincheisteanna is íogaire CBAM a chur in ionad an tsaor-leithdháilte faoi EU ETS agus ní mór an tsaincheist sin a réiteach mar chuid den phlé atá ar siúl faoi láthair maidir leis an athbhreithniú ar Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí.

Is mór ag an bPolainn na hiarrachtaí a rinne Uachtaránacht na Fraince ar an gComhairle an obair ar dhréacht-togra CBAM a chur chun cinn. Mar sin féin, go dtí go réiteofar an tsaincheist maidir le lamháltais astaíochtaí in aisce do na hearnálacha arna gcumhdach ag CBAM, ní féidir linn teacht ar chomhaontú cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir le dréacht-Rialachán CBAM.

Ba mhaith linn a chur in iúl go láidir go bhfuil CBAM mar chuid den Phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus gur cheart an dul chun cinn a dhéanfar ar a chomhpháirteanna aonair a bheith inchomparáide. Ní féidir linn féachaint ar an réiteach sin ach amháin ó thaobh uirlise amháin, ach ó thaobh an athchóirithe ar CTA AE ina iomláine agus an Phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Braithfidh cruth deiridh CBAM ar thorthaí an phlé leanúnaigh. Dá bhrí sin, ba cheart tuilleadh oibre a dhéanamh ar an tionscadal tar éis seasamh Chomhairle AE maidir leis an athbhreithniú ar CTA a ghlacadh.

Tá súil againn go ndéanfar tuilleadh oibre ar an bpacáiste iomlán agus ar CBAM féin ar bhealach a chuirfidh ar ár gcumas tacú leis an toradh deiridh, mar creidimid i bprionsabal go bhfuil CBAM an-tábhachtach do thionscal na hEorpa agus go gcinnteofar éifeachtacht ár mbeartas laghdaithe astaíochtaí lasmuigh den Aontas.'

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Tacaíonn an Phortaingéil le spriocanna aeráide an Aontais i gcomhréir leis an Dlí Aeráide agus lena chuspóir aeráidneodrachta do 2050. Is príomhghné den Phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin a eascraíonn as beartais aeráide neamhshiméadracha tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach.

Cuireann an Phortaingéil chun suntais na pointí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Nóta 6978/22 an 12 Márta 2022.

Tuigeann an Phortaingéil gur tagairt dhíreach d'Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) í an teanga atá in Aithris 52 den Togra maidir le 'saintréithe agus srianta speisialta na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh'. I gcomhthéacs an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, beidh feidhm aige sin maidir leis na réigiúin is forimeallaí atá mar chuid de chríoch chustaim an Aontais.

Luaitear in Airteagal 349 CFAE go mbaineann na bearta dá dtagraítear sa chéad mhír go háirithe le réimsí amhail beartais chustaim agus trádála, beartas fioscach, saorlimistéir, beartais talmhaíochta agus iascaigh, coinníollacha maidir le soláthar amhábhar agus earraí tomhaltais bunriachtanacha, státchabhracha agus coinníollacha rochtana ar chistí struchtúracha agus ar chláir chothrománacha Aontais. Glacfaidh an Chomhairle na bearta dá dtagraítear sa chéad mhír ag cur ghnéithe agus shrianta speisialta na réigiún is forimeallaí san áireamh ach gan an bonn a bhaint d'iomláine ná de chomhchuibheas dhlíchóras an Aontais, lena n-áirítear an margadh inmheánach agus na comhbheartais.'

Dá bhrí sin, tuigeann an Phortaingéil freisin go n-áiritheoidh an Coimisiún oibleagáidí tuairiscithe mar a bheartaítear le hAirteagal 30 – ina iomláine – den Togra sin le haghaidh Rialacháin.

Mar fhocal scoir, iarrann an Phortaingéil ar na comhreachtóirí, le tacaíocht ón gCoimisiún, tagairt shainráite d'Airteagal 349 CFAE a thabhairt isteach sa Rialachán seo toisc gur cleachtas coiteann é i Rialacháin ábhartha eile. Tá an méid sin gan dochar don aitheantas is gá, laistigh den Rialachán, do chásanna eile ina bhféadfadh an t-ualach eacnamaíoch a bheith díréireach agus do na measúnuithe tionchair uile is gá mar a luaitear sa leagan den Togra mar a cuireadh faoi bhráid Chomhairle ECOFIN é'.